Róisín Dubh

A Róisín, ná bíodh brón ort ná cás anois,

Tá do phardún ón Róimh is ón bPápa agat,

Tá na bráithre ag teacht thar sáile is ag triall ar muir,

Is ní cheilfear fíon Spáinneach ar mo Róisín Dubh.

Tá grá agam i m'lár duit le bliain anois,

Grá cráite, grá cásmhar, grá ciaptha,

Grá d'fhág mé gan sláinte, gan rian, gan rith,

'S go brách, brách, gan aon fháil agam ar mo Róisín Dubh.